

Iarratas Thrádálaí Bhreosla Marcáilte



IS CION É TRÁDÁIL GAN CEADÚNAS MÁIL. CAITHFIDH TÚ FANACHT GO DTÍ GO

N-EISÍTEAR AN CEADÚNAS SULA DTOSAÍONN TÚ AG TRÁDÁIL.

Léigh na nótaí ar an taobh thall, le do thoil, sula gcomhlánaíonn tú an tIarratas seo.
Comhlánaigh i mBLOCLITREACHA le do thoil
NÁ cuir isteach íocaíocht leis an Iarratas seo

Sonraí Ceadúnais / Ceada

Ainm an Cheadúnaí: _____

Iontráil ainm an Cheadúnaí le do thoil. (*Beidh na sonraí seo ar an gCeadúnas*)

Uimh. Thagartha Cánach:

Cuir isteach Uimhir Thagartha Cánach VAT an Cheadúnaí arna ainmniú thuas.

Sonraí na Gnólachta: _____

Déan cur síos ar an nGnólacht / na Gnólachtaí san áitreabh seo, leis an méid sonraí agus is féidir e.g. Stáisiún peitрил agus / nó Siopa miondíola agus / nó Bialann agus / nó Teach ósta etc.

Cuir in iúl an cineál thrádálaí cuí le do thoil:

(*Cuir tic sa bhosca / sna boscaí cuí*)

Coimeádaí Trádstórais
Údaraithe

Más Coimeádaí Trádstórais
Údaraithe, luaigh Uimhir Thagartha
'IEWK':

Miondíoltóir Réamhchúirte

Dáileoir

Ainm na Gnólachta: _____

Iontráil Ainm Gnólachta an áitribh le do thoil.

Seoladh an Áitribh / na hÁite: _____

Cuir isteach seoladh an áitribh atá
le ceadúnú.

Eircode Áitribh:

An raibh an t-áitreabh ceadúnaithe cheana? Bhí

Ní raibh

Má bhí, tabhair sonraí an úinéara / tagairt an Cheadúnais roimhe seo:

Ainm agus Seoladh Poist: _____

Cuir Seoladh Poist isteach má tá
comhfhreagrais le seoladh chuig seoladh
eile seachas seoladh an Cheadúnais
Cheadúnaithe.

Dearbhú

Dearbhaím gurb é / iad an duine / na daoine / an t-aonán a ainmnítear thuas an duine / na daoine / an t-aonán atá i mbun thrádála faoi láthair agus déanaim Iarratas leis seo ar an gCeadúnas a ndearnadh cur síos air thuas.

Síniú: _____

Dáta: _____

Post: _____

Uimh. Theil.: _____

Stiúrthóir, Rúnaí, etc.

MFTLAp

NÓTAÍ

Tig leat an fhoirm seo a úsáid le hiarratas a dhéanamh ar an gCeadúnas seo a leanas:

Ceadúnas Thrádálaí Bhreosla Marcáilte.

Ní mór an dá chineál ceadúnais a bheith ag trádálaithe a thrádálann i mbreosla do ghluaisteáin agus ola gáis mharcáilte / ceirisín, araon. Tá gá le Ceadúnas ar leith le haghaidh gach áitribh nó áite óna n-oibríonn trádálaí.

Caithfear trádálaithe Breosla do Ghluaisteáin nó Breosla Marcáilte a tháirgeann agus / nó a stóráilann ola mhianrach faoi shocruithe um dhleacht ar fionraí a fhaomhadh mar choimeádaithe trádstórais údaraithe cánacha agus a n-áitreabh a fhaomhadh mar thrádstórais chánacha faoi alt 109 den Acht Airgeadais 2001.

Tabhair faoi deara le do thoil:

- Ba cheart do shealbhóirí ceadúnais a thuiscint gur féidir caingeán ó na Coimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear cúlghairm ar an gCeadúnas, a bheith mar thoradh ar aon teipeadh cloí le coinníollacha nó le haon riachtanas sa dlí máil maidir le táirgeadh, díol nó trádáil, coinneáil nó seachadadh ola mianraí. I gcás ina ndéantar trádáil gan cheadúnas ina dhiaidh sin, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí an táirge a urghabháil agus go mbeadh ionchúiseamh i gceist.
- Tá sé de chumhacht ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi alt 101 (7) den Acht Airgeadais 1999 na coinníollacha a bhaineann le Ceadúnas a athrú ag am ar bith.
- Folaíonn alt 101(8) den Acht Airgeadais 1999, nach deonófar ceadúnas i gcás:
 - nach léiríonn an t-iarrthóir gur féidir leis / léi, nó an t-áitreabh lena mbaineann coinníollacha an Cheadúnais a shásamh,
 - gan imréiteach cánach, nó
 - gur ciontaíodh an t-iarrthóir, sna deich mbliana roimh an iarratas, i gcion indíotáilte faoi na hAchtanna dá dtagraítear in alt 1078(1) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, nó aon chion comhfhreagrach faoi dhlí Bhallstáit eile.

An próiseas iarratais:

Ba cheart go síneodh an Ceadúnaí an tIarratas más Trádálaí Aonair atá i gceist, duine de na Páirtithe más Comhpháirtíocht atá ann, nó i gcás Gnóthais Chorpraithe ba cheart go síneodh Rúnaí na Cuideachta nó Stiúrtóir na Cuideachta é.

- Más Comhlacht Teoranta é an tIarratasóir, beidh Deimhniú Dúblach um Chorprú dar dáta tráth nach luaithe ná 4 sheachtaine roimh dháta an iarratais, le tiolacadh le d'fhoirm iarratais.

Tá Deimhniú Corpraithe Dúbailte le fáil ag www.cro.ie. Íosghlao 1890 220 226 nó 01 804 5200.

- Má dhéanann an tIarrthóir trádáil ag úsáid ainm gnólachta nach le húnéir tairbhiúil na gnólachta é, caithfear Deimhniú Clárúcháin d'Ainm na Gnólachta a chur isteach le d'fhoirm iarratais.

Tá Deimhniú Clárúcháin d'Ainm na Gnólachta dúbailte ar fáil ag www.cro.ie. Íosghlao 1890 220 226 nó 01 804 5200.

Má fhaomhtar an tIarratas seo agus má shásaítear coinníollacha saineiúla an Cheadúnais, eiseoidh na Coimisinéirí Ioncaim **Fógra Iarratais** duit le hiarratas a dhéanamh ar an gCeadúnas, agus ag an tráth sin iarrfar ort a dheimhniú go bhfuil an cháipéis seo a leanas i do sheilbh agat:

- Tá imréiteach cánach bailí ag teastáil nuair is duine aonair an tIarratasóir. Teastóidh imréiteach cánach bailí don chuideachta i gcás iarratas corparáideach. Deimhneoidh córais uathoibríoch na gCoimisinéirí Ioncaim go bhfuil imréiteach cánach reatha i bhfeidhm sula n-eiseofar ceadúnas.

Nuair a fhaigheann tú d'Fhógra Iarratais ó Oifig Náisiúnta na gCeadúnas Máil, tig leat iarratas a dhéanamh ar do Cheadúnas trí cheann de na modhanna thíos:

Seirbhísí Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS):

Tig leat iarratas a dhéanamh ar do Cheadúnas Máil ar líne trí ROS. Téigh chuig suíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim ag www.revenue.ie chun tuilleadh sonraí a fháil nó glaoigh ar **Líne Chabhrach ROS: 01 738 3699**

NÓ

Tríd an Duillín Íocaíochta atá ag íochtar an Fógra Iarratais a chomhlánú:

Ba cheart íocaíocht a dhéanamh le seic / dréacht bainc agus a bheith iníoctha leis an Ard-Bhailitheoir leis an gclúdach litreach réamhíochta atá leis. **NÁ cuir airgead tirim faoi iamh.**

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar chun na gcríoche seo agus chun roinnt feidhmeanna eile reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an gcaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Priobháideachas** ar www.revenue.ie. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil le gcrúachóip chomh maith, ach é sin a iarraidh

An Oifig Náisiúnta Ceadúnais Máil
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
Stiúrtóir Sráid Áine
Loch Garman
Y35 E29K

Déan teagmháil linn:
01 738 3640
exciselicences@revenue.ie
www.revenue.ie